An Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Ceart chun Teaghaise), 2020

Thirty-ninth Amendment of the Constitution (Right to a Home) Bill 2020

Mar a tionscnaíodh

As initiated

[No. 9.1 of 2020]

THIRTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (RIGHT TO A HOME) BILL 2020

As initiated

CONTENTS

Section
1. Amendment of the Constitution
2. Citation

SCHEDULE

PART 1

PART 2

[No. 9.1 of 2020]

AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACHT (AN CEART CHUN TEAGHAISE), 2020

Mar a tionscnaíodh

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt
1. An Bunreacht a leasú
2. Lua

AN SCEIDEAL

CUID 1

CUID 2

[Uimh. 9.1 de 2020]

THIRTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (RIGHT TO A HOME) BILL 2020

Bill

entitled

An Act to amend the Constitution.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend the Constitution:

Be it enacted by the Oireachtas as follows:

Amendment of the Constitution

1. The Constitution is hereby amended as follows:

(a) the Article, the text of which is set out in *Part 1* of the Schedule, shall be inserted after Article 43 of the Irish text; and

(b) the Article, the text of which is set out in *Part 2* of the Schedule, shall be inserted after Article 43 of the English text.

Citation

2. (1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Thirty-ninth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Thirty-ninth Amendment of the Constitution (Right to a Home) Act 2020.

AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACHT (AN CEART CHUN TEAGHAISE), 2020

Bille

dá ngairtear

Acht chun an Bunreacht a leasú.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe an Bunreacht a leasú:

Achtaítear ag an Oireachtas ar an ábhar sin mar a leanas:

Leasú ar an mBunreacht

1. Leasaítear leis seo mar a leanas an Bunreacht:

(a) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* isteach i ndiaidh Airteagal 43 den téacs Gaeilge; agus

(b) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* isteach i ndiaidh Airteagal 43 den téacs Sacs-Bhéarla.

Lua

2. (1) An Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Ceart chun Teaghaise), 2020 a ghairm den Acht seo.

SCHEDULE

PART 1

TITHÍOCHT

Airteagal 43A

1° Admhaíonn an Stát an ceart chun tithíochta cuí inacmhainne, ar ní é atá riachtanach le haghaidh caighdeán maireachtála atá leordhóthanach, a bheith ag gach duine agus gach teaghlach. Déanfaidh an Stát, dá réir sin, bearta cuí chun a áirithiú go ndéanfar an ceart sin a réadú.

2° Déanfaidh an Stát bearta réasúnacha chun easpa dídine a chosc agus a laghdú, d'fhonn í a dhíothú de réir a chéile.

PART 2

HOUSING

Article 43A

1° The State recognises the right to appropriate and affordable housing, essential for an adequate standard of living, for every person and family. The State accordingly, shall take appropriate steps to ensure the realisation of this right.

2° The State shall take reasonable steps to prevent and reduce homelessness, with a view to its gradual elimination.

AN SCEIDEAL

CUID 1

TITHÍOCHT

Airteagal 43A

1° Admhaíonn an Stát an ceart chun tithíochta cuí inacmhainne, ar ní é atá riachtanach le haghaidh caighdeán maireachtála atá leordhóthanach, a bheith ag gach duine agus gach teaghlach. Déanfaidh an Stát, dá réir sin, bearta cuí chun a áirithiú go ndéanfar an ceart sin a réadú.

2° Déanfaidh an Stát bearta réasúnacha chun easpa dídine a chosc agus a laghdú, d'fhonn í a dhíothú de réir a chéile.

CUID 2

HOUSING

Article 43A

1° The State recognises the right to appropriate and affordable housing, essential for an adequate standard of living, for every person and family. The State accordingly, shall take appropriate steps to ensure the realisation of this right.

2° The State shall take reasonable steps to prevent and reduce homelessness, with a view to its gradual elimination.

Thirty-ninth Amendment of the Constitution (Right to a Home) Bill 2020

BILL

(as initiated)

entitled

An Act to amend the Constitution.

Introduced by Deputy Eoin Ó Broin,
6*th October,* 2020

An Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Ceart chun Teaghaise), 2020

BILLE

(mar a tionscnaíodh)

dá ngairtear

Acht chun an Bunreacht a leasú.

An Teachta Eoin Ó Broin a thug isteach,
6 *Deireadh Fómhair,* 2020